

Cine4 (Babhta 4)

Scéim chun scannáin fhada drámaíochta i nGaeilge a fhorbairt.

Glaoch ar iarratais.

Spriocdháta: Dé Luain, 12ú Lúnasa, 2019

Is scéim í seo atá bunaithe ag TG4, Fís Éirinn (FÉ) agus Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) chun tacaíocht a thabhairt do shaothar nua bríomhar fadscannáin as Gaeilge, arna léiriú ag comhlachtaí a bhfuil ard-scileanna cruthaitheachta acu.

Tá mar aidhm ag Scéim *Cine4* scéalaíocht láidir, samhlaíocht fhísiúil agus luachanna arda léiriúcháin a spreagadh. Caithfear a léiriú san iarratas gur scannán é a bheadh tarraingteach don lucht féachana Gaeilge, lucht féachana Éireannach agus lucht féachana idirnáisiúnta. Beidh buiséad suas le €1.2 milliún ag na tionscnaimh a léireofar agus beidh ‘tréimhse sa phictiúrlann’ ag na scannáin a léireofar faoin scéim, tréimhse ina mbeidh siad páirteach i bhféilte scannán agus ar taispeáint i bpictiúrlanna sula gcaolfar ar TG4 iad.

Tá trí chéim sa scéim (i) iarratas tosaigh (ii) céim na forbartha agus (tabhair faoi deara gur ón 23 Lúnasa go dtí an 18 Deireadh Fómhar 2019 an tréimhse forbartha). (iii) céim an léiriúcháin. Tar éis iarratais a fháil, roghnóidh painéal de mheasúnóirí ó TG4, FÉ agus BAI cúig thionscnamh (ar a mhéad). Tabharfar maoiniú do na comhlachtaí a roghnaítear na tionscnaimh a fhorbairt agus buiséad suas le €25,000 (cómhaoinithe ag TG4, FÉ agus BAI) ar fáil do gach tionscnamh. Ag deireadh chéim na forbartha, roghnóidh TG4 agus FÉ suas le péire de na tionscnaimh agus cuirfear ar aghaidh iad chuig an gcéad bhabhta cuí eile den chiste *Fís agus Fuaim* de chuid an BAI, agus é mar aidhm iad a léiriú mar scannáin fhada.

Reáchtálfar Scéim Forbartha *Cine4* ar bhunús trialach ó 2017-21 agus tá sé mar aidhm againn an scéim a reáchtáil ar bhonn bliantúil, rud a chiallóidh go léireofaí dhá scannán i nGaeilge gach bliain sna ceithre bliana atá romhainn.

Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh ar an scéim?

Tá an scéim oscailte do chomhlachtaí closamhairc a bhfuil an taithí chuí acu agus atá in ann a chruthú go bhfuil cearta soiléire acu ar gach cuid den ábhar atáthar a fhorbairt don léiriúchán ar an scáileán mór.

Tabharfar tosaíocht do chomhlachtaí léiriúcháin

- a bhfuil polasaí soiléir acu an Ghaeilge a fhorbairt mar theanga oibre léiriúcháin,
- a bhfuil sé den tábhacht acu cothromaíocht inscne a bhaint amach ar an bhfoireann chruthaitheach a roghnaíonn siad agus
- do chomhlachtaí lena mbaineann cultúr comhléiriúcháin agus idirnáisiúnaithe.

Na critéir cháilitheachta

- Is scéim í seo i leith scannáin fhada drámaíochta (90 go 120 nóiméad). Níl scannáin bheochana inghlactha.
- Stiúrthóir mná.
- Ní ceadmhach don léiritheoir a bheith ina stiúrthóir freisin ar an tionscnamh.
- Níl aon srian ar sheánra, ar stíl scéalaíochta, ar ábhar nó ar ghnéithe eile den script/scéal ach caithfidh na tionscnaimh a bheith ag teacht le téamaí na scéime *Fuaim agus Fís* de chuid an BAI chun maoiniú léiriúcháin a thuilleamh.
- Ní ghlacfar le tionscnaimh a fuair maoiniú forbartha roimhe seo ó TG4, BSÉ nó ó aon ghníomhaireacht eile.
- Má roghnaítear do thogra le dul ar aghaidh go céim na forbartha is an 23 Lúnasa go dtí an 18 Deireadh Fómhar, 2019 an tréimhse forbartha (tréimhse 8 seachtaine)
- Níl Scéim *Cine4* oscailte do mhic léinn lánaimseartha ná páirtaimseartha.
- Níor cheart do na buiséid léiriúcháin i leith gach tionscnaimh dul thar €1,200,000 agus tiocfaidh an maoiniú ó TG4, FÉ, BAI (má éiríonn leis na hiarratais tacaíocht a fháil faoin scéim *Fuaim agus Fís*) agus faoi scéim Alt 481. Níor cheart aon mhaoiniú breise a lorg ó thrú páirtí.
- Lena léiriú agus maoiniú sa bhliain 2021 na scannáin seo.

An tslí le hiarratas a dhéanamh

- **Dé Luain, 12ú Lúnasa 2019 ag 3pm** an sprioc deiridh a nglacfar le hiarratais. *Ní ghlacfar le hiarratais a bheidh mall nó easnamhach agus caithfidh na comhlachtaí féin a chinntiú gur seachadadh na hiarratais.*
- Caithfear na hiarratais a chur isteach go leictreonach, i nGaeilge via córas leictreonach coimisiúnaithe TG4. Mura bhfuil an comhlacht cláraithe, caithfear clárú ar dtús ar an suíomh eCoimisiúin <http://update.tg4.ie/ecommm/login.php> , agus an t-iarratas a uaslódáil roimh an sprioc-am tríd an rogha, 'Cine4 – Forbairt 2020', ón roghchlár anuas. Tiocfaidh admháil chugat go leictreonach go huathoibríoch.
- Má bhíonn aon cheist agat maidir leis an bpróiseas leictreonach seachadta, cuir r-phost chuig Anna Marie Nic Dhonnacha - annamarie.nic.dhonnacha@tg4.ie
annamarie.nic.dhonnacha@tg4.ie

Riachtanais an Iarratais

- Ceannlíne (suas le 25 focal) agus Achoimre Ghairid (suas le leath-leathanach A4)
- Achoimre/Imlíne (uasmhéid 6-10 leathanach)
- Nótaí an Stiúrthóra faoin tionscnamh (uasmhéid leathanach amháin)
- Nótaí cruthaitheacha an Léiritheora faoin tionscnamh (uasmhéid 1 leathanach)
- Sonraí maidir leis an gcroí-foireann chruthaitheach - léiritheoir, scríbhneoir, stiúrthóir (uasmhéid 1 leathanach, uile le chéile)
- Buiséad don fhorbairt (uasmhéid 1 leathanach)
- Fianaise ar úinéireacht cearta craolta domhanda.

Ba cheart na míreanna seo uile a bheith le chéile in aon cháipéis shoiléir pdf amháin agus í a uaslódáil chuig córas coimisiúnaithe TG4 mar a mhínítear thuas.

Tuilleadh eolais

Beidh feidhmeannaigh de chuid TG4 ar fáil roimh an spriocdháta do chruinnithe gairide. Le cruinniú a shocrú, nó má tá aon cheist agat maidir le haon chuid den scéim seo, seol ríomhphost chuig Mary Ellen Ní Chualáin maryellen.ni.chualain@tg4.

Glacfar le hiarratas ar an mbonn go gcomhlíonfaidh iarrthóir na hoibleagáidí reachtúla iomchuí uile.

Níl dualgas ar TG4 glacadh leis an iarratas is ísle praghas, ná le haon iarratas.

Beidh aon chonradh ag brath ar Dheimhniú Imréitigh Cánach ó na Coimisinéirí Ioncaim.

An tAcht um Shaoráil Faisnéise: Cuirtear iarrthóirí ar an eolas gur ceadmhach faisnéis a sholáthraítear a nochtadh don phobal faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ba chóir d'iarrthóirí aird a tharraingt ar aon fhaisnéis íogair (más ann di) agus an chúis gur faisnéis íogair í a lua. Ní féidir glacadh leis nach mbeidh dualgas ar TG4 faisnéis a eisiúint, fiú más dóigh leis an iarrthóir gur faisnéis íogair í agus go bhfuil sin curtha in iúl do TG4.

Ní ann d'aon chineál ceangal – ceangal conartha ná aon chineál eile – go dtí go mbeidh conradh foirmiúil scríofa forghníomhaithe ag TG4 nó thar a cheann.